**An Dá Ghé**

Bhí lánú ann fadó agus bhíodar ag maireachtaint go síoch grách i bhfochair a chéile gan cíos, cás ná cathú orthu. Seán ab ainm don bhfear agus Máire ab ainm dá bhean. Bhí doirnín leanbh acu, ach, fé mar a bheadh an nimh ar an aithne, lá amháin fuaireadar cuireadh chun dul ar bhainis.

Ghléasadar suas iad féin agus bhualadar bóthar.

Ar a dtaisteal dóibh, bhí log uisce stadaithe ar thaobh an bhóthair agus gé ag snámh ar an uisce.

“Nach álainn í an ghé ag snámh ar an uisce, a Mháire,” arsa Seán.

“Tá dhá ghé ann” arsa Máire.

“Á, níl a Mháire, sin é an scáth a chíonn tú san uisce. Níl ann ach aon ghé amháin.”

“Tá dhá ghé ann” arsa Máire.

Sea, leanadar orthu ag siúl rompu, agus gach aon uair a labhradh Seán focal, deireadh Máire:

“Bhí dhá ghé ann.”

Bhíodar ag tarrac ar thigh na bainise agus labhair Seán le Máire arís agus dúirt Máire:


“Bhí dhá ghé ann.”

Chuadar isteach agus bhaineadar taitneamh as an gcuideachta, ach gach aon uair a labhradh Seán, deireadh Máire: “Bhí dhá ghé ann.” Bhí náire ar an bhfear bocht ansan agus dúirt sé go raghaidís abhaile. Chuadar abhaile agus gach aon uair a labhradh Seán deireadh Máire: “Bhí dhá ghé ann.”

Lean an scéal mar sin. Bhí an fear bocht clipithe, cráite. Ach ag deireadh thiar shín Máire siar chun báis.

Bhí sé ag iarraidh comhairle a chur uirthi.

“Éirigh, a Mháire,’ a deireadh sé, ‘agus tabhair aire dod’ dhoirnín leanbh.”



“Bhí dhá ghé ann” arsa Máire.

Sea, mheas gach éinne go raibh sí marbh agus cuireadh cóir tórraimh uirthi agus bhí sí fé chlár. Bhailigh na comharsain isteach agus dúradar paidir fé mar a deintear i gcónaí nuair a bhíonn duine fé chlár. Tar éis tamaill d’iarr fear an tí orthu ar mhiste leo dul thar doras go fóill go gcaoinfeadh sé greas os cionn mháthair a chlainne. Bhí na comharsain béasach agus chuadar thar doras. Labhair sé le Máire agus dúirt sé:

“Éirigh, a Mháire, agus déarfadsa leo go rabhais titithe i bhfanntais.”

“Bhí dhá ghé ann” arsa Máire.

Sea, b’éigean dó na comharsain a scaoileadh isteach arís agus is mar sin a bhí an scéal ag dul ar aghaidh. Agus siar san oíche arís d’iarr sé ar na comharsain an raghaidís amach arís go gcaoinfeadh sé dreas os cionn mháthar a chlainne.

Chuadar amach go béasach agus chuaigh sé go dtí an corp, dar leis, agus “Éirigh, a Mháire,” ar seisean, ‘agus tabhair aire dod’ dhoirnín leanbh agus déarfad leis na comharsain go rabhais titithe i bhfanntais.

“Bhí dhá ghé ann” arsa Máire.

Sea, tháinig na comharsain isteach arís agus d’fhanadar ann go maidean, agus ar maidean nuair a bhí sí le cur sa chomhra labhair Seán arís léi: “Éirigh, a Mháire,” ar seisean, “agus tabhair aire dod’ dhoirnín leanbh agus déarfadsa leo go bhfuileann tú tagaithe chugat féin.”

“Bhí dhá ghé ann” arsa Máire.

B’éigean Máire a chur sa chomhra agus nuair a bhí sí curtha sa chomhra dúirt Seán, fear an tí, leis na comharsain ar mhiste leo dul amach go fóill sara gclúdódh sé Máire.

“Éirigh, a Mháire, ar seisean, sara gcuirfead an chlúid ar an mbosca, agus tabhair aire dod’ dhoirnín leanbh agus bíodh ciall agat.”

“Bhí dhá ghé ann” arsa Máire.

B’éigean dó an chlúid a chur ar an mbosca agus Máire a thabhairt go dtí an teampall agus na comharsain á tionlacan fé mar a bheadh ag aon tsochraid.

Cuireadh Máire sa teampall ach ní ligfeadh sé dóibh puinn cré a chur anuas ar an gcomhrainn san uaigh. Ghabh sé buíochas leis an ndream a bhí sa tsochraid agus chuaigh sé abhaile.

Le titim na hoíche thug sé fén dteampall i ngan fhios agus labhair sé le Máire:

“Éirigh, a Mháire, agus téanam ort abhaile agus ní bheidh fhios ag éinne go deo cad a tharla.”

“Bhí dhá ghé ann” arsa Máire.

B’éigean dó Máire a fhágaint ansan agus teacht abhaile agus bhí sé go dubhach, brónach, cráite, ach cad a bhí le déanamh aige?